Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Lúnasa 2025 (OR. en)**

**12287/25**

**PECHE 237**
**DELACT 119**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Lúnasa 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 5784 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 27.8.2025 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le rialú ar iascach agus maidir le faireachas agus cigireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, ar fhorfheidhmiú agus ar chomhlíonadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 5784 final.

Faoi iamh: C(2025) 5784 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.8.2025
C(2025) 5784 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27.8.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le rialú ar iascach agus maidir le faireachas agus cigireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, ar fhorfheidhmiú agus ar chomhlíonadh**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Glactar an Rialachán Tarmligthe seo de bhun an chumhachtaithe a thugtar don Choimisiún faoi Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), mar a leagtar síos i roinnt forálacha de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023.

Le Rialachán (AE) 2023/2842 leasaítear córas rialaithe iascaigh an Aontais d'fhonn a éifeachtacht, a chomhchuibhiú agus a dhigitiú a fheabhsú. Is é an aidhm atá ann comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú ar bhealach atá nua-aimseartha, rioscabhunaithe agus éifeachtúil, agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí nua agus as uirlisí tuairiscithe dhigitigh, sin agus trédhearcacht a mhéadú ar fud an tslabhra soláthair.

Chuige sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Bunrialachán a fhorlíonadh i réimsí sonracha amhail cliseadh na gcóras leictreonach taifeadta agus tuairiscithe, a bhaineann le faireachán soithí, logleabhar iascaireachta, réamhfhógra, agus dearbhuithe trasloingsithe agus dearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír, breathnóirí rialaithe, nósanna imeachta cigireachta, obair leantach ar an gceadúnas iascaireachta a chur ar fionraí nó a tharraingt siar nó an ceart a bheith i gceannas ar shoitheach iascaireachta mar mháistir, agus na coinníollacha lena dtugtar údar le pointí a scriosadh, chomh maith le nithe eile.

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, forlíontar na heilimintí sin den chreat rialaithe trí rialacha mionsonraithe a leagan síos. Tá gá leis na rialacha sin chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an chórais rialaithe athbhreithnithe a áirithiú ar fud an Aontais agus chun tacú leis na Ballstáit agus le hoibreoirí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Rinneadh plé laistigh den Ghrúpa Saineolaithe um Rialú agus Forfheidhmiú Iascaigh, áit ar pléadh ábhar agus raon feidhme na bhforálacha tarmligthe go forleathan. Idir mí Mheán Fómhair 2024 agus mí na Bealtaine 2025, thionól an Coimisiún ocht gCruinniú Theicniúla agus trí Chruinniú den Ghrúpa Saineolaithe chun dréachtaí comhleanúnacha den Rialachán Tarmligthe a chur i láthair agus a phlé. Idir na cruinnithe, iarradh ar na Ballstáit barúlacha i scríbhinn a chur isteach maidir leis an dréacht-téacs. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na haighneachtaí a fuarthas agus rinne sé athbhreithniú ar an dréacht dá réir roimh gach cruinniú ina dhiaidh sin. Thairis sin, chuathas i gcomhairle leis na saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit an 16 Iúil 2025 ag an gCruinniú Saineolaithe maidir le hIascaigh agus Dobharshaothrú.

Go comhthreomhar, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear ionadaithe ó thionscal na hiascaireachta, le linn ullmhú an Rialacháin Tharmligthe. Bailíodh a n-ionchur le linn seisiúin thiomnaithe a reáchtáladh faoi chuimsiú na gComhairlí Comhairleacha, a chuireann bealach foirmiúil ar fáil le haghaidh idirphlé struchtúrtha idir páirtithe leasmhara agus an Coimisiún. Díríodh sa phlé ar indéantacht, comhréireacht agus impleachtaí praiticiúla na mbeart atá beartaithe. Tar éis na malartuithe sin, iarradh ar pháirtithe leasmhara aighneachtaí i scríbhinn a chur isteach, a ndearna an Coimisiún athbhreithniú cúramach orthu agus a chuir sé san áireamh, de réir mar b'iomchuí, agus an dréacht-téacs á bheachtú aige.

Ón 15 Iúil go dtí an 12 Lúnasa 2025, d'iarr an Coimisiún ar shaoránaigh agus ar pháirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt maidir leis an dréacht-Rialachán Tarmligthe sula nglacfar é. San iomlán, fuarthas 31 aighneacht inar díríodh, chomh maith le nithe eile, ar dhigitiú, ar fhaireachán agus ar rialú gníomhaíochtaí iascaireachta, lena n-áirítear rialacha maidir le córais um fhaireachán soithí agus córais leictreonacha taifeadta agus tuairiscithe, inrianaitheacht, nósanna imeachta cigireachta, breathnóirí rialaithe, pointí le haghaidh sáruithe tromchúiseacha, agus asbhaint cuótaí.

Rinneadh measúnú cúramach ar an aiseolas uile, agus tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh údar maith le hathruithe áirithe ar an dréacht-Rialachán Tarmligthe. Go sonrach, cuireadh roinnt ábhar imní in iúl maidir leis na rialacha inrianaitheachta nua in Airteagail 11 agus 12 den dréacht-Rialachán Tarmligthe, agus mhol páirtithe leasmhara go gcuirfí gnéithe breise san áireamh agus béim á leagan ar dhúshláin phraiticiúla maidir le tarchur digiteach sonraí inrianaitheachta áirithe. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí na forálacha inrianaitheachta ábhartha a bhaint den dréacht-Rialachán Tarmligthe chun malartuithe teicniúla breise a cheadú arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phraiticiúla agus ar na moltaí a ardaíodh.

Ina theannta sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Airteagail 3 agus 6 den dréacht-Rialachán Tarmligthe a mhodhnú, chun a shoiléiriú go n-áirítear freisin i raon feidhme na bhforálacha sin soithí iascaireachta faoi bhratach na mBallstát; agus an ceanglas atá ar mháistrí faisnéis áirithe atá íogair ó thaobh na tráchtála de a nochtadh trí chainéil raidió oscailte a scriosadh ó Airteagal 35(2) den dréacht, nuair a iarrtar sin chun críoch cigireachtaí.

Níor measadh go raibh gá le haon leasú breise ar cheann amháin nó níos mó de na cúiseanna seo a leanas: (a) na barúlacha a bhaineann le hábhair nach dtagann faoi raon feidhme an dréacht-Rialacháin Tharmligthe; (b) iarradh soiléirithe sna barúlacha nó cuireadh tuairimí in iúl leo maidir le forálacha áirithe, rud a d'fhág nach raibh gá le haon athrú sonrach; (c) léiríodh na barúlacha cheana féin i dtéacs an dréacht-Rialacháin Tharmligthe, a bhaineann lena chur chun feidhme *ex post*, nó bhain siad le heilimintí a dtabharfar aghaidh orthu i ngníomhartha eile atá á n-ullmhú faoi láthair; nó (d) bhí na barúlacha bunaithe ar léamh páirteach nó míchruinn ar Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2842, maidir le raon feidhme cumhachtuithe áirithe freisin, nó ar an dréacht-Rialachán Tarmligthe féin.

Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gurb í an tréimhse chomhairliúcháin 4 seachtaine an fad caighdeánach agus go dtagann sí tar éis comhairliúcháin fhorleathana inmheánacha agus sheachtracha, lena n-áirítear malartuithe tiomnaithe leis na páirtithe leasmhara sin a d'iarr go foirmiúil iad. Cinneadh uainiú an chomhairliúcháin le srianta nós imeachta a bhí ar an gCoimisiún, chomh maith leis an ngá atá leis na rialacha nua a bheith i bhfeidhm faoin 10 Eanáir 2026, i gcomhréir leis an tráthchlár agus na sprioc-amanna arna leagan síos ag na comhreachtóirí faoi Rialachán (AE) 2023/2842.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leagtar amach bunús dlí an Rialacháin seo in Airteagal 9a(5), Airteagal 15b(1)(a), (b) agus (c), Airteagal 17(6)(b), (c) agus (d), Airteagal 22(3), Airteagal 24(4)(b), (c) agus (d), Airteagal 73(9)(b) go (g), Airteagal 74(11), Airteagal 75(2), Airteagal 92(12)(a), (c) agus (d), agus Airteagal 107(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2842.

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, leagtar síos rialacha mionsonraithe lena bhforlíontar córas rialaithe iascaigh an Aontais, agus tugtar aghaidh ann go sonrach ar roinnt gnéithe teicniúla

agus oibríochtúla is gá chun cur i bhfeidhm comhchuibhithe agus éifeachtach a dhéanamh ó Bhallstát go chéile.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27.8.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le rialú ar iascach agus maidir le faireachas agus cigireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, ar fhorfheidhmiú agus ar chomhlíonadh**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, agus go háirithe Airteagal 9a(5), Airteagal 15b(1)(a), (b) agus (c), Airteagal 17(6)(b), (c) agus (d), Airteagal 22(3), Airteagal 24(4)(b), (c) agus (d), Airteagal 73(9)(b) go (g), Airteagal 74(11), Airteagal 75(2), Airteagal 92(12)(a), (c) agus (d), agus Airteagal 107(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], déantar foráil maidir le rialacha agus bearta sonracha a ghlacadh chun forálacha áirithe a leagtar amach ann a fhorlíonadh. Leis an Rialachán seo, tugtar na rialacha atá ann cheana cothrom le dáta agus bunaítear bearta nua lena bhforlíontar forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ar bhonn na gcumhachtuithe atá sna leasuithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2023/2842.

(2) Tá nasc substainteach idir na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus tá go leor acu ceaptha lena gcur i bhfeidhm in éineacht le chéile. Ar mhaithe le simplíocht, agus chun a gcur i bhfeidhm a éascú agus chun iolrú rialacha a sheachaint, ba cheart iad a leagan síos, dá bhrí sin, in aon ghníomh amháin seachas i roinnt gníomhartha ar leithligh lena mbaineann go leor crostagairtí agus an baol dúblála.

(3) D'fhonn cur i bhfeidhm comhleanúnach na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a áirithiú, is gá sainmhínithe áirithe a leagan síos. Tagraíonn sé sin, go háirithe, don sainmhíniú ar 'ghléas um fhaireachán soithí', lena léirítear na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2023/2842 ar Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir le gléasanna rianaithe nach gléasanna satailíte iad a úsáid, lena gcumasaítear soithí iascaireachta a aimsiú agus a shainaithint go huathoibríoch le córas um fhaireachán soithí i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

[1] Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2017/2403 agus (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach (IO L, 2023/2842, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2842/oj).

(4) Chun faireachán éifeachtach lárionad faireacháin iascaigh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus ar an iarracht iascaireachta (LFI) a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 9a de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, is iomchuí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le faireachán a dhéanamh ar dhul isteach i limistéir shonracha agus ar imeacht astu, chomh maith le forálacha chun aghaidh a thabhairt ar chliseadh teicniúil nó cumarsáide nó ar neamhfheidhmiú an ghléis um fhaireachán soithí agus ar chásanna nach bhfaightear sonraí suímh an tsoithigh.

(5) Chun cur i bhfeidhm éifeachtach na n-oibleagáidí taifeadta agus tuairiscithe gabhálacha a leagtar amach in Airteagail 14, 17, 19a, 21 agus 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a áirithiú, is iomchuí rialacha mionsonraithe a leagan síos is infheidhme i gcás cliseadh teicniúil nó neamhfheidhmiú an chórais leictreonaigh taifeadta agus tuairiscithe, i gcás nach bhfaightear sonraí ábhartha, agus i gcás ina dteipeann ar rochtain ar shonraí.

(6) Leagtar amach in Airteagal 73 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 rialacha maidir le breathnóirí rialaithe, lena n-áirítear forálacha is infheidhme i gcás inar bunaíodh scéim breathnóirí rialaithe de chuid an Aontais. Ba cheart na rialacha sin a fhorlíonadh le forálacha breise maidir le neamhspleáchas, dualgais agus slándáil breathnóirí rialaithe.

(7) De réir Chaibidil I de Theideal VII de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, ba cheart rialacha a leagan síos chun cur chuige caighdeánaithe a áirithiú maidir le cigireachtaí a dhéanann na Ballstáit. Sainítear leis na rialacha sin dualgais na n-oifigeach atá údaraithe le cigireachtaí a dhéanamh, chomh maith leis na hoibleagáidí atá ar oibreoirí, lena n-áirítear na hoibreoirí sin atá freagrach as táirgí iascaigh a mheá faoi Airteagal 60(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, le linn na gcigireachtaí sin. Is gá freisin prionsabail choiteanna a leagan síos maidir le nósanna imeachta cigireachta a dhéantar ar muir, i gcalafoirt nó in áiteanna ina dtugtar gabhálacha i dtír, le linn iompair, ag margaí, le haghaidh trealamh iascaireachta ar muir, le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar gan soitheach, ar fheirmeacha tuinníní gorma, in iascach áineasa, agus maidir le tuarascálacha cigireachta agus a dtarchur.

(8) Le hAirteagal 74 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 leagtar síos rialacha lena rialaítear déanamh cigireachtaí, lena n-áirítear forálacha maidir leis an oiliúint is gá chun cúraimí cigireachta a dhéanamh agus an gá atá le comhordú le húdaráis eile i gcás ina bhfuil cúis ag oifigigh a chreidiúint go raibh soitheach iascaireachta ag gabháil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le saothar éignithe. Chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú agus chun gur féidir imscrúdú pras a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin, ar sárú tromchúiseach iad faoi Airteagal 90(2)(p) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, ba cheart rialacha a leagan síos maidir le cigireachtaí a dhéanamh chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar le saothar éignithe a bhrath.

(9) Le hAirteagal 92(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit córas pointí a bhunú le haghaidh sáruithe tromchúiseacha faoin Rialachán, córas lena gcuirfí an ceadúnas iascaireachta ar fionraí nó ina dtarraingeofaí siar go buan é mar thoradh ar charnadh pointí. Foráiltear le hAirteagal 92 freisin gur cheart rialacha a leagan síos maidir leis an obair leantach a bhaineann le ceadúnas iascaireachta a chur ar fionraí nó a tharraingt siar go buan nó leis an gceart a bheith i gceannas ar shoitheach iascaireachta mar mháistir, chun cothrom iomaíochta agus cultúr comhlíontachta a chur chun cinn laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon.

(10) Le hAirteagal 92(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, ceanglaítear ar na Ballstáit córas pointí a bhunú faoina ndéanfar an líon céanna pointí a sannadh do shealbhóir an

cheadúnais iascaireachta a shannadh do mháistir an tsoithigh mar thoradh ar shárú tromchúiseach maidir leis an soitheach arna dhéanamh le linn thréimhse a cheannais nó a ceannais, i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. Chun cur i bhfeidhm comhchuibhithe agus éifeachtach an chórais pointí le haghaidh máistrí a áirithiú ó Bhallstát go chéile, lena n-áirítear aon bheart leantach a bhaineann le ceart an mháistir a bheith i gceannas ar shoitheach iascaireachta a chur ar fionraí nó a tharraingt siar go buan, ba cheart rialacha mionsonraithe a leagan síos chun máistrí atá údaraithe le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh a chlárú agus chun pointí a shanntar dóibh a thaifeadadh.

(11) Foráiltear le hAirteagal 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 go ndéanfaidh an Coimisiún cuótaí a asbhaint i gcásanna ina mainníonn na Ballstáit rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a chomhlíonadh, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le bagairt thromchúiseach ar chaomhnú stoc atá faoi réir deiseanna iascaireachta nó faoi réir córas iarrachta iascaireachta. Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha a leagan síos maidir le hasbhaint cuótaí, lena n-áirítear na cainníochtaí atá le hasbhaint a chinneadh.

(12) Sonraí pearsanta a bhailítear agus a phróiseáiltear chun críoch rialaithe faoin Rialachán seo, comhlíonfaidh siad na rialacha cosanta sonraí a leagtar amach in Airteagal 112 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(13) Beidh feidhm ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a fhorlíontar leis an Rialachán seo ón 10 Eanáir 2026. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo feidhm a bheith aige ón dáta céanna ar aghaidh.

(14) Chuathas i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 119a(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(15) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 8 Iúil 2025,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# TEIDEAL I

# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm chóras rialaithe iascaigh an Aontais mar a bhunaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, go háirithe maidir rialú ar iascach, faireachas agus cigireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, agus maidir le forfheidhmiú agus comhlíonadh.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘sealbhóir ceadúnais iascaireachta’ duine nádúrtha nó dlítheanach dár eisíodh ceadúnas iascaireachta;

(2) ciallaíonn 'gléas um fhaireachán soithí' gléas rianaithe, lena n-áirítear gléas rianaithe soghluaiste nach gléas satailíte é, dá dtagraítear in Airteagal 9(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

# TEIDEAL II

## RIALÚ AR IASCACH

# CAIBIDIL I

# Faireachán a dhéanann lárionaid faireacháin iascaigh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta

*Airteagal 3*

**Faireachán maidir le dul isteach i limistéir shonracha agus imeacht astu**

Áiritheoidh gach Ballstát, trí chóras um fhaireachán soithí dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, go ndéanfaidh a lárionad faireacháin iascaigh (LFI) faireachán éifeachtach ar bhonn leanúnach agus córasach, a mhéid a bhaineann lena shoithí iascaireachta agus leis na soithí iascaireachta uile atá údaraithe le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sna huiscí atá faoina cheannasacht nó faoina dhlínse, ar luas, ar ghluaiseachtaí, ar shuíomh agus ar an dáta agus an t-am a théitear isteach sna limistéir shonracha seo a leanas agus a imítear astu:

(a) aon limistéar muirí ina bhfuil feidhm ag rialacha sonracha maidir le rochtain ar uiscí agus ar acmhainní;

(b) limistéir iascaireachta srianta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(14) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(c) réimsí rialála agus coinbhinsiúin na nEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh atá ina gceangal ar an Aontas; agus

(d) uiscí atá faoi cheannasacht nó faoi dhlínse tríú tír.

*Airteagal 4*

**Bearta atá le déanamh i gcás cliseadh teicniúil nó cumarsáide an ghléis um fhaireachán soithí**

1. I gcás cliseadh teicniúil nó cumarsáide nó neamhfheidhmiú an ghléis um fhaireachán soithí ar shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais, déanfaidh an máistir, ón tráth a bhraitear an teagmhas nó ón tráth a chuirtear ar an eolas é trí fhógra earráide ar an gcóras nó i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Rialachán seo, cibé acu is túisce, sonraí suímh reatha an tsoithigh a chur in iúl do LFI an Bhallstáit brataí ar a laghad uair amháin gach 4 uair an chloig. Chuige sin, úsáidfidh an máistir aon mhodh teileachumarsáide atá ar fáil lena n-áirithítear tarchur sonraí iomlána agus cruinne. Déanfaidh na Ballstáit cinneadh maidir leis na modhanna teileachumarsáide a bheidh le húsáid agus foilseoidh siad an fhaisnéis sin ar a suíomh gréasáin oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 115 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Iontrálfaidh LFI an Bhallstáit brataí sonraí suímh an tsoithigh dá dtagraítear i mír 1 sa bhunachar sonraí leictreonach ina dtaifeadtar na sonraí sin nuair a fhaightear iad.

Beidh sonraí suímh an tsoithigh a iontráiltear de láimh indealaithe go soiléir ó theachtaireachtaí uathoibríocha sa bhunachar sonraí leictreonach. I gcás inarb iomchuí, déanfar na sonraí suímh soithigh sin a iontráiltear de láimh a tharchur gan mhoill, i gcomhréir le hAirteagal 60 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx] ón gCoimisiún.

3. Tar éis cliseadh teicniúil nó cumarsáide nó tar éis neamhfheidhmiú an ghléis um fhaireacháin soithí, ní fhéadfaidh soitheach iascaireachta de chuid an Aontais an calafort a fhágáil go dtí go mbeidh an gléas um fhaireacháin soithí lánoibríochtúil, mar atá deimhnithe ag údaráis inniúla an Bhallstáit brataí.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit brataí údarú a thabhairt don soitheach iascaireachta an calafort a fhágáil le gléas um fhaireacháin soithí nach bhfuil ag feidhmiú chun é a dheisiú nó a athsholáthar, agus, i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar leo de bharr moilleanna ar dheisiúchán nó athsholáthar den sórt sin, faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach i míreanna 1 agus 5 den Airteagal seo.

4. Nuair a bheidh an gléas um fhaireacháin soithí suiteáilte ar bord, beidh baint an ghléis le haghaidh seiceálacha, deisiúcháin nó athsholáthair faoi réir fhormheas údaráis inniúla an Bhallstáit brataí.

5. I gcás cliseadh teicniúil nó cumarsáide nó neamhfheidhmiú an ghléis um fhaireachán soithí, máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais nach dtarchuireann sonraí suímh an tsoithigh i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, déanfaidh sé na sonraí a tharchur láithreach nó an soitheach a chur ar ais chuig an gcalafort chun na seiceálacha, na deisiúcháin nó an t-athsholáthar is gá a dhéanamh ar an ngléas um fhaireachán soithí.

6. Tabharfaidh máistrí soithí iascaireachta tríú tír a oibríonn in uiscí an Aontais fógra, go díreach nó trína Stát brataí, faoi aon chliseadh teicniúil nó cumarsáide nó neamhfheidhmiú an ghléis um fhaireachán soithí agus tarchuirfidh siad an fhaisnéis a leagtar amach i mír 1 chuig LFI an Bhallstáit cósta ina ndearnadh na gníomhaíochtaí iascaireachta uair amháin gach 4 uair an chloig ar a laghad.

Déanfaidh an Ballstát cósta an fhaisnéis sin a thaifeadadh sa bhunachar sonraí leictreonach a úsáidtear le haghaidh na sonraí sin nuair a fhaightear iad.

Máistrí nach ndéanann sonraí suímh an tsoithigh a tharchur uair amháin gach 4 uair an chloig ar a laghad, déanfaidh siad na sonraí a tharchur láithreach nó fágfaidh siad uiscí an Aontais go dtí go mbeidh na seiceálacha, na deisiúcháin nó an t-athsholáthar is gá curtha i gcrích ar an ngléas um fhaireachán soithí.

7. I gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar lú ná 12 mhéadar a bhfad iomlán, ní mheasfar gur cliseadh teicniúil nó cumarsáide ná neamhfheidhmiú an ghléis um fhaireachán soithí iad a bheith lasmuigh de chumhdach líonra.

*Airteagal 5*

**Bearta atá le déanamh i gcás nach bhfaightear sonraí a bhaineann le staid agus gluaiseacht soithí iascaireachta**

1. I gcás nach bhfuil tarchuir sonraí faighte ag LFI Ballstáit brataí i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx] ón gCoimisiún ar feadh 12 uair an chloig as a chéile ar a laghad, nó nach bhfuil tarchuir sonraí faighte aige i gcomhréir le hAirteagal 4(1) den Rialachán seo, tabharfaidh sé fógra don

mháistir nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, d'oibreoir shoitheach iascaireachta an Aontais gan mhoill.

2. An easpa tarchuir sonraí a fháil dá dtagraítear i mír 1, má tharlaíonn sé níos mó ná 3 huaire laistigh d'aon bhliain féilire amháin i gcás soitheach iascaireachta áirithe de chuid an Aontais, áiritheoidh an Ballstát brataí go ndéanfar seiceáil chríochnúil ar an ngléas um fhaireachán soithí atá ar an soitheach iascaireachta chun a stádas lánoibríochtúil a fhíorú. Déanfaidh an Ballstát brataí imscrúdú freisin féachaint an ndearnadh crioscaíl leis an ngléas um fhaireachán soithí. D'fhéadfadh sé gurb é a bheadh i gceist leis an imscrúdú sin trealamh den sórt sin a bhaint lena scrúdú.

3. I gcás nach bhfuair LFI Ballstáit brataí tarchuir sonraí dá dtagraítear i mír 1, agus gur tháinig an suíomh deireanach a fuarthas ó laistigh de na huiscí atá faoi cheannasacht nó faoi dhlínse Ballstáit eile, tabharfaidh sé fógra do LFI an Bhallstáit cósta sin a luaithe is féidir.

4. I gcás ina mbraitheann údaráis inniúla Ballstáit cósta soitheach iascaireachta atá faoi bhratach Ballstáit eile agus atá ag oibriú in uiscí faoina cheannasacht nó faoina dhlínse nach bhfuarthas sonraí suímh ábhartha an tsoithigh ina leith, tabharfaidh siad fógra faoi sin do mháistir an tsoithigh iascaireachta, i gcás inar féidir, agus do LFI an Bhallstáit brataí.

5. I gcás ina mbraitheann údaráis inniúla Ballstáit cósta soitheach iascaireachta atá faoi bhratach tríú tír agus atá ag oibriú in uiscí faoina cheannasacht nó faoina dhlínse nach bhfuarthas sonraí suímh ábhartha an tsoithigh ina leith, tabharfaidh siad fógra do mháistir an tsoithigh iascaireachta, i gcás inar féidir, agus do LFI an Stáit brataí nó d'aon údarás inniúil eile de chuid an tríú tír lena mbaineann i gcás soithí iascaireachta atá faoi réir an cheanglais sonraí suímh an tsoithigh a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 9(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

*Airteagal 6*

**Faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta trí úsáid a bhaint as sonraí suímh an tsoithigh**

1. Úsáidfidh na Ballstáit na sonraí a gheobhaidh siad de bhun Airteagail 3 agus 4 den Rialachán seo agus Airteagail 23 agus 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx] ón gCoimisiún chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann a soithí iascaireachta agus na soithí iascaireachta uile atá údaraithe le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sna huiscí faoina gceannasacht nó faoina ndlínse.

2. Déanfaidh na Ballstáit brataí an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go ndéanfar sonraí dá dtagraítear i mír 1 a thaifeadadh i bhfoirm dhigiteach agus a stóráil go sábháilte i mbunachair sonraí ríomhairithe go ceann 3 bliana ar a laghad;

(b) gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú nach n-úsáidtear iad ach amháin chun críoch oifigiúil, cuir i gcás, de réir mar is iomchuí, chun críoch eolaíoch; agus

(c) na bearta uile is gá a dhéanamh chun sonraí den sórt sin a chosaint ar aon scriosadh timpisteach nó aindleathach, ar aon chaillteanas, meathlú, nó dáileadh timpisteach nó ar a gceadú gan údarú.

# CAIBIDIL II

# Logleabhar iascaireachta, réamhfhógraí, dearbhuithe trasloingsithe, agus dearbhú maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír

*Airteagal 7*

**Cliseadh teicniúil nó cumarsáide na gcóras leictreonach taifeadta agus tuairiscithe**

1. Gan dochar do fhreagrachtaí an mháistir faoi Airteagail 15, 17, 19a, 22, agus 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, i gcás cliseadh teicniúil nó cumarsáide nó neamhfheidhmiú an chórais leictreonaigh taifeadta agus tuairiscithe, déanfaidh an máistir nó, i gcás inarb infheidhme, a ionadaí, ón tráth a bhraitear an teagmhas nó tar éis fógra earráide a fháil ón gcóras nó i gcomhréir le hAirteagal 8(3) den Rialachán seo, cibé acu is túisce, sonraí ó logleabhair iascaireachta, ó réamhfhógraí, ó dhearbhuithe trasloingsithe agus ó dhearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír a chur in iúl do LFI an Bhallstáit brataí uair amháin gach 24 uair an chloig ar a laghad, mura bhfuil gá le heatramh níos giorra. Déanfar an chumarsáid sin trí úsáid a bhaint as aon mhodh teileachumarsáide atá ar fáil lena n-áirithítear tarchur sonraí iomlána agus cruinne, fiú nuair nach bhfuil aon ghabháil ar bord ann. Déanfaidh na Ballstáit cinneadh maidir leis na modhanna teileachumarsáide a bheidh le húsáid agus foilseoidh siad an fhaisnéis sin ar a suíomh gréasáin oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 115 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Taifeadfaidh LFI an Bhallstáit brataí na sonraí dá dtagraítear i mír 1 sa bhunachar sonraí leictreonach a úsáidtear le haghaidh na sonraí sin nuair a fhaightear iad. I gcás inarb iomchuí, déanfar na sonraí taifeadta a tharchur gan mhoill, i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx] ón gCoimisiún.

3. Tar éis cliseadh teicniúil nó cumarsáide nó tar éis neamhfheidhmiú an chórais leictreonaigh taifeadta agus tuairiscithe, ní fhéadfaidh soitheach iascaireachta de chuid an Aontais an calafort a fhágáil go dtí go mbeidh an córas lánoibríochtúil, mar atá deimhnithe ag údaráis inniúla an Bhallstáit brataí.

   De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit brataí údarú a thabhairt don soitheach iascaireachta an calafort a fhágáil le córas leictreonach taifeadta agus tuairiscithe nach bhfuil ag feidhmiú chun é a dheisiú nó a athsholáthar, agus, i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar leo de bharr moilleanna ar dheisiúchán nó athsholáthar den sórt sin, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i míreanna 1 agus 4 den Airteagal seo.

4. I gcás cliseadh teicniúil nó cumarsáide nó neamhfheidhmiú an chórais leictreonaigh taifeadta agus tuairiscithe, máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais, nó, i gcás inarb infheidhme, a ionadaí, nach dtarchuireann sonraí ó logleabhair iascaireachta, ó dhearbhuithe trasloingsithe, ó réamhfhógraí, nó ó dhearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, déanfaidh sé na sonraí a tharchur láithreach nó an soitheach a chur ar ais chuig an gcalafort chun na seiceálacha, an deisiúchán nó an t-athsholáthar is gá a dhéanamh ar an gcóras leictreonach taifeadta agus tuairiscithe.

5. Tabharfaidh máistrí soithí iascaireachta tríú tír a oibríonn in uiscí an Aontais fógra, go díreach nó trína Stát brataí, faoi aon chliseadh teicniúil nó cumarsáide nó

neamhfheidhmiú an chórais leictreonaigh taifeadta agus tuairiscithe agus tarchuirfidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 chuig LFI an Bhallstáit cósta ina ndearnadh na gníomhaíochtaí iascaireachta. Déanfaidh an Ballstát cósta an fhaisnéis sin a thaifeadadh sa bhunachar sonraí leictreonach a úsáidtear le haghaidh na sonraí sin nuair a fhaightear iad.

Máistrí nach dtarchuireann sonraí ag na heatraimh dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh siad na sonraí sin a tharchur láithreach nó fágfaidh siad uiscí an Aontais go dtí go mbeidh na seiceálacha, na deisiúcháin nó an t-athsholáthar is gá curtha i gcrích ar an gcóras leictreonach taifeadta agus tuairiscithe.

6. I gcás soithí gabhála de chuid an Aontais ar lú ná 12 mhéadar a bhfad iomlán, ní mheasfar gur cliseadh teicniúil nó cumarsáide ná neamhfheidhmiú iad a bheith lasmuigh de chumhdach líonra.

*Airteagal 8*

**Bearta atá le déanamh i gcás nach bhfaightear sonraí a bhaineann leis an gcóras leictreonach taifeadta agus tuairiscithe**

1. I gcás nach bhfuil tarchuir sonraí faighte ag LFI Ballstáit brataí i gcomhréir le hAirteagail 15, 17, 19a, 22 agus 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ar feadh 12 uair an chloig as a chéile ar a laghad tar éis an sprioc-ama tarchuir sceidealaithe, nó nach bhfuil tarchuir sonraí faighte aige i gcomhréir le hAirteagal 7(1) den Rialachán seo, tabharfaidh sé fógra don mháistir nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, d'oibreoir shoitheach iascaireachta an Aontais gan mhoill.

2. I gcás nach bhfaightear tarchuir sonraí dá dtagraítear i mír 1 níos mó ná trí huaire laistigh d'aon bhliain féilire amháin i gcás soitheach iascaireachta áirithe de chuid an Aontais, áiritheoidh an Ballstát brataí go ndéanfar córas leictreonach taifeadta agus tuairiscithe an tsoithigh iascaireachta a sheiceáil go críochnúil chun a stádas lánoibríochtúil a fhíorú, mura rud é go bhféadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit brataí a eisiamh go cinntitheach, tar éis imscrúdaithe agus cur chun feidhme beart iomchuí, gur neamhfheidhmiú teicniúil an chórais leictreonaigh taifeadta agus tuairiscithe is cúis le gan na sonraí a bheith faighte. D'fhéadfadh sé gurbh é a bheadh i gceist leis an imscrúdú sin aon trealamh de chóras den sórt sin a bhaint lena scrúdú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, é a scrúdú chun a chinneadh an ndearnadh crioscaíl leis an gcóras.

3. I gcás nach bhfuair LFI Ballstáit brataí tarchuir sonraí dá dtagraítear i mír 1, agus gur tháinig suíomh deireanach an tsoithigh sin a fuarthas ó laistigh de na huiscí atá faoi cheannasacht nó faoi dhlínse Ballstáit eile, tabharfaidh sé fógra do LFI an Bhallstáit cósta sin gan mhoill.

4. Déanfaidh máistir nó oibreoir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais na sonraí uile nár tarchuireadh go fóill agus a bhfuarthas fógra ina leith i gcomhréir le mír 1 a sheoladh chuig LFI an Bhallstáit brataí láithreach tar éis dóibh an fógra a fháil.

5. I gcás ina mbraitheann údaráis inniúla Ballstáit cósta soitheach gabhála atá faoi bhratach Ballstáit eile agus atá ag oibriú in uiscí faoina cheannasacht nó faoina dhlínse nach bhfuarthas sonraí an logleabhair iascaireachta ina leith, tabharfaidh siad fógra faoi sin do mháistir an tsoithigh gabhála, i gcás inar féidir, agus do LFI an Bhallstáit brataí.

6. I gcás ina mbraitheann údaráis inniúla Ballstáit cósta soitheach gabhála atá faoi bhratach tríú tír agus atá ag oibriú in uiscí faoina cheannasacht nó faoina dhlínse nach bhfuarthas sonraí an logleabhair iascaireachta ina leith, tabharfaidh siad fógra do mháistir an tsoithigh gabhála, i gcás inar féidir, agus do LFI an Stáit brataí nó d'aon údarás inniúil eile de chuid an tríú tír lena mbaineann i gcás soithí gabhála atá faoi réir an cheanglais sonraí den sórt sin a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 15(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

*Airteagal 9*

**Bearta atá le déanamh má tharlaíonn nach bhfuil rochtain ar shonraí**

1. I gcás ina mbraitheann údaráis inniúla Ballstáit cósta soitheach iascaireachta de chuid an Aontais ó Bhallstát eile ina n-uiscí agus nach féidir leo rochtain a fháil ar shonraí ón gcóras leictreonach taifeadta agus tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagail 14, 17, 19a, 21 agus 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 atá le malartú i gcomhréir le hAirteagal 111 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, iarrfaidh siad ar údaráis inniúla an Bhallstáit brataí rochtain ar na sonraí sin a áirithiú.

2. Mura bhfaighidh an Ballstát cósta na sonraí dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 4 uair an chloig ón iarraidh, déanfaidh máistir nó oibreoir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais na sonraí agus cóip den teachtaireacht fillte dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx[]ón gCoimisiún a sholáthar d'údaráis inniúla an Bhallstáit cósta arna iarraidh sin agus trí mhodhanna leictreonacha.

3. Mura soláthraíonn an Ballstát brataí nó máistir nó oibreoir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais cóip den teachtaireacht fillte d'údaráis inniúla an Bhallstáit cósta, beidh toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh iascaireachta lena mbaineann in uiscí an Bhallstáit cósta go dtí go bhféadfaidh an Ballstát brataí nó máistir nó oibreoir an tsoithigh iascaireachta cóip den teachtaireacht fillte nó den fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a sholáthar do na húdaráis sin.

*Airteagal 10*

**Sonraí maidir le feidhmiú an chórais leictreonaigh taifeadta agus tuairiscithe**

Déanfaidh na Ballstáit brataí bunachair sonraí a choinneáil ar bun maidir le feidhmiú a gcórais leictreonaigh taifeadta agus tuairiscithe. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sna bunachair sonraí sin agus beidh siad in ann í a ghiniúint go huathoibríoch:

(a) liosta de na soithí iascaireachta atá faoina mbratach a raibh cliseadh teicniúil a gcórais leictreonacha taifeadta agus tuairiscithe ann nó ar theip orthu feidhmiú; agus

(b) liosta de na soithí iascaireachta atá faoina mbratach nach bhfuil tarchuir laethúla déanta acu maidir leis na logleabhair iascaireachta leictreonacha, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

## TEIDEAL III

## FAIREACHAS AGUS CIGIREACHT

# CAIBIDIL I

# Breathnóirí rialaithe

*Airteagal 11*

**Bearta chun neamhspleáchas breathnóirí rialaithe a áirithiú**

Ionas go mbeidh siad neamhspleách ar an úinéir, ar shealbhóir an cheadúnais, ar mháistir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais agus ar aon duine den chriú, faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 73(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, ní bheidh aon duine díobh seo a leanas ina mbreathnóirí rialaithe:

(a) gaol nó fostaí de chuid shealbhóir an cheadúnais nó mháistir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais nó aon bhaill den chriú, ionadaí an mháistir, nó úinéir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil an breathnóir rialaithe sannta dó;

(b) fostaí de chuid cuideachta arna rialú ag sealbhóir an cheadúnais nó ag an máistir, ag ball den chriú, ag ionadaí mháistir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais nó ag úinéir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil an breathnóir rialaithe sannta dó.

*Airteagal 12*

**Dualgais breathnóirí rialaithe**

1. Tabharfaidh breathnóirí rialaithe ar bord soitheach iascaireachta de chuid an Aontais, i gcás inarb iomchuí, faisnéis do na hoifigigh atá ar tí dul i mbun cigireachta ar an soitheach iascaireachta sin ar theacht ar bord dóibh. Más féidir é sin a dhéanamh leis na saoráidí atá ar bord an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais agus i gcás inarb iomchuí, tabharfar an fhaisnéis sin i gcruinniú iata.

2. Déanfaidh breathnóirí rialaithe an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 73(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a tharraingt suas, ina dtaifeadfar na gníomhaíochtaí iascaireachta agus faisnéis ábhartha eile a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus úsáid á baint as an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Tar éis dóibh a gcúram a chur i gcrích, cuirfidh siad an tuarascáil sin ar aghaidh chuig a n-údaráis agus chuig údaráis inniúla an Bhallstáit brataí. Déanfaidh a n-údaráis inniúla an tuarascáil a chur ar fáil, arna iarraidh sin, don Bhallstát cósta, don Choimisiún nó do EFCA. Ní fhéadfar a áireamh i gcóipeanna de thuarascálacha a chuirfear ar fáil do Bhallstáit eile na suíomhanna ina ndearnadh na gabhálacha maidir le suíomhanna tosaithe agus críochnaithe gach oibríochta iascaireachta, ach féadfar iomláin laethúla na ngabhálacha i gcileagraim de choibhéis bheomheáchain de réir speicis agus an limistéir gheografaigh ábhartha a áireamh iontu.

3. Ní dhéanfaidh míreanna 1 ná 2 difear do chumhachtaí mháistir an tsoithigh iascaireachta mar an t-aon duine atá i gceannas ar oibríochtaí an tsoithigh.

*Airteagal 13*

**Slándáil breathnóirí rialaithe ar shoithí iascaireachta**

1. Na Ballstáit atá freagrach as breathnóirí rialaithe a ainmniú nó a imscaradh ar bord soithí iascaireachta atá faoina mbratach, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

   (a) áiritheoidh siad go mbeidh breathnóirí rialaithe feistithe le gléas cumarsáide dhá threo lánfheidhmiúil atá oiriúnach lena úsáid ar muir, ar gléas é atá neamhspleách ar an soitheach, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 73(2)(e) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

   (b) áiritheoidh siad go mbeidh na breathnóirí rialaithe feistithe le rabhchán tarrthála pearsanta uiscedhíonach a mbeidh gné rianaithe aige;

   (c) áiritheoidh siad go mbeidh pointe teagmhála ainmnithe ag breathnóirí rialaithe, gur féidir cumarsáid éifeachtach thráthúil a áirithiú i gcás éigeandála, agus go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun cumarsáid thráthrialta sceidealaithe a áirithiú idir an breathnóir rialaithe agus a phointe teagmhála;

   (d) áiritheoidh siad go mbeidh cumhachtaí leordhóthanacha ag breathnóirí rialaithe chun a gcúraimí a chomhlíonadh;

   (e) áiritheoidh siad go bhfaighidh breathnóirí rialaithe oiliúint sábháilteachta leormhaith sula n-imscarfar ar shoitheach den chéad uair iad agus ag eatraimh iomchuí ina dhiaidh sin. Comhlíonfaidh an clár oiliúna sin, ar a laghad, caighdeáin oiliúna sábháilteachta ábhartha na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), i gcás inarb infheidhme; agus

   (f) tabharfaidh sé treoir agus oiliúint do mháistir agus do bhaill chriú a shoithí iascaireachta maidir le hidirghníomhaíocht le breathnóirí rialaithe agus freagrachtaí i leith breathnóirí rialaithe agus maidir leis na hiarmhairtí a bhaineann le drochíde agus bac a chur ar a gcuid oibre, agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu.

2. Máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus máistrí soithí iascaireachta tríú tír atá údaraithe le hoibriú in uiscí an Aontais, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

   (a) déanfaidh siad gach iarracht sábháilteacht agus leas fisiciúil na mbreathnóirí a áirithiú agus iad ar bord;

   (b) déanfaidh siad faisnéis ábhartha maidir le slándáil na mbreathnóirí rialaithe ar bord, lena n-áirítear gortú fisiciúil, nó aon éagumasú nó dul ó amharc eile a bhfuil siad ar an eolas faoi, a thuairisciú go leictreonach d'údaráis inniúla a mBallstáit brataí;

   (c) áiritheoidh siad príobháideachas i limistéir phearsanta an bhreathnóra;

   (d) áiritheoidh siad go gcaithfear le breathnóirí rialaithe mar oifigigh agus iad ar bord; agus

   (e) áiritheoidh siad rochtain ar dhóthain bia, cóiríochta agus saoráidí agus trealaimh sláintíochta ar bord.

# CAIBIDIL II

# Cigireacht

## ROINN 1

## RIAR NA CIGIREACHTA

*Airteagal 14*

**Oifigigh arna n-údarú le cigireachtaí a dhéanamh ar muir**

1. Tabharfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit údarú d'oifigigh a bheidh freagrach as cigireachtaí a dhéanamh, dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Chuige sin, cuirfidh Ballstát cárta seirbhíse ar fáil dá oifigigh ina luafar a gcéannacht agus an inniúlacht faoina n-oibríonn siad. Cuirfidh gach oifigeach atá ar dualgas é i láthair le linn cigireachta arna iarraidh sin.

2. Tabharfaidh na Ballstáit cumhachtaí leordhóthanacha dá n-oifigigh de réir mar is gá chun rialú, cigireacht agus forfheidhmiú a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú.

*Airteagal 15*

**Dualgais na n-oifigeach le linn na céime réamhchigireachta**

Le linn na céime réamhchigireachta, baileoidh oifigigh an fhaisnéis iomchuí go léir, i gcás inar féidir, lena n-áirítear:

(a) ceadúnais iascaireachta agus údaruithe iascaireachta;

(b) Sonraí VMS agus sonraí AIS;

(c) tuarascálacha faireachais agus tuarascálacha cigireachta a rinneadh roimhe seo; agus

(d) faisnéis eile atá ar fáil maidir leis an soitheach iascaireachta agus an máistir a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir leis an gcigireacht.

*Airteagal 16*

**Dualgais na n-oifigeach agus cigireachtaí á ndéanamh**

1. Fíoróidh agus nótálfaidh oifigigh a dhéanann cigireachtaí na hítimí iomchuí uile a liostaítear sa mhodúl comhfhreagrach den tuarascáil chigireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx] ón gCoimisiún. Chun na críche sin, féadfaidh siad pictiúir a ghlacadh agus taifeadadh físe agus fuaime a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus, i gcás inarb iomchuí, samplaí a thógáil.

2. Ní chuirfidh oifigigh isteach ar cheart aon oibreora cumarsáid a dhéanamh le húdaráis inniúla an Stáit brataí le linn cigireachta.

3. Déanfaidh oifigigh breithniú ar aon fhaisnéis arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 12 ag breathnóir rialaithe ar bord an tsoithigh iascaireachta a bhfuil cigireacht le déanamh air.

4. Tar éis do na hoifigigh cigireacht a chur i gcrích, cuirfidh siad máistir nó oibreoir an tsoithigh iascaireachta ar a ndearnadh cigireacht ar an eolas faoin gcigireacht a rinneadh.

5. Fágfaidh na hoifigigh an soitheach iascaireachta nó an t-áitreabh a ndearnadh cigireacht air gan mhoill, tar éis dóibh an chigireacht a chur i gcrích mura mbraitear aon sárú.

## ROINN 2

### CIGIREACHT AR MUIR

*Airteagal 17*

**Forálacha ginearálta**

1. Beidh bratainn nó siombail mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III ar taispeáint go hinfheicthe soiléir ag aon soitheach a úsáidfear chun críoch rialaithe, lena n-áirítear faireachas. Níl feidhm ag an gceanglas sin maidir le hoibríochtaí faoi cheilt a dhéanann soithí atá údaraithe chun na gcríoch sin faoi dhlíthe náisiúnta na mBallstát.

2. Aon uair a úsáidtear soitheach bordála nó árthach chun aistriú na n-oifigeach a dhéanann cigireachtaí a éascú, beidh bratach nó bratainn chomhchosúil ar foluain aige, de mhéid atá iomchuí maidir le méid an tsoithigh nó an árthaigh bordála, chun a léiriú go bhfuil sé i mbun dualgais cigireachta iascaigh.

3. Tabharfaidh na daoine atá i gceannas ar shoithí cigireachta aird chuí ar rialacha na maraithe agus déanfaidh siad ainliú ag achar sábháilte ón soitheach iascaireachta i gcomhréir leis na rialacha idirnáisiúnta chun imbhualadh ar muir a chosc.

*Airteagal 18*

**Soithí iascaireachta ar muir a bhordáil**

1. Áiritheoidh na hoifigigh atá freagrach as an gcigireacht a dhéanamh nach ndéanfar aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh sábháilteacht an tsoithigh iascaireachta agus a chriú a chur i mbaol.

2. Ní chuirfidh oifigigh de cheangal ar mháistir soithigh iascaireachta atá á bhordáil nó á dhíbhordáil stopadh nó ainliú le linn iascaireachta, nó stop a chur le cur amach nó tarraingt isteach trealaimh iascaireachta. Féadfaidh oifigigh, áfach, a cheangal go gcuirfear isteach ar scaoileadh trealaimh nó moill a chur air ionas go mbeifear in ann bordáil nó díbhordáil go sábháilte go dtí go mbeidh an soitheach iascaireachta bordáilte nó díbhordáilte acu. I gcás bordála, ní rachaidh an mhoill sin thar 30 nóiméad tar éis do na hoifigigh dul ar bord an tsoithigh iascaireachta seachas i gcás ina mbraitear sárú. Ní dhéanann an fhoráil seo difear don fhéidearthacht go n-éileodh na hoifigigh go ndéanfaí an trealamh a tharraingt isteach le cigireacht a dhéanamh air.

*Airteagal 19*

**Gníomhaíochtaí ar bord**

1. Agus a gcigireacht á déanamh ag oifigigh, fíoróidh agus nótálfaidh siad na hítimí iomchuí uile a liostaítear sa mhodúl comhfhreagrach den tuarascáil chigireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx] ón gCoimisiún.

2. Féadfaidh oifigigh a cheangal ar an máistir trealamh iascaireachta a tharraingt isteach chun cigireacht a dhéanamh air. I gcásanna den sórt sin, aontóidh an máistir déanamh amhlaidh go pras agus tarraingeoidh sé isteach an trealamh de réir mar a iarrtar.

3. Beidh beirt oifigeach ar na foirne cigireachta de ghnáth. Féadfar cigireachtaí a fhorlíonadh le hoifigigh bhreise nuair is gá.

4. Ní mhairfidh cigireacht níos faide ná an t-am is gá chun seiceálacha doiciméadachta a chur i gcrích, chun an eangach a tharraingt isteach, agus chun cigireacht a dhéanamh ar an eangach, ar a trealamh ábhartha, agus ar na gabhálacha. Ní bheidh feidhm ag an teorainn ama sin i gcás ina mbraitear sárú amhrasta nó ina bhfuil faisnéis bhreise de dhíth ar na hoifigigh.

5. I gcás ina mbraitear sárú amhrasta, féadfar marcanna aitheantais agus séalaí a ghreamú go daingean d'aon chuid den trealamh iascaireachta nó den soitheach iascaireachta, lena n-áirítear trealamh ábhartha, amhail trealamh grádúcháin uathoibríoch, agus coimeádáin de tháirgí iascaigh agus an urrann nó na hurrainne inar féidir iad a stuáil.

*Airteagal 20*

**Cigireachtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar le saothar éignithe**

1. Chun a chinneadh ar tharla gníomhaíochtaí iascaireachta ar bord soitheach iascaireachta a raibh saothar éignithe i gceist leo, féadfaidh oifigigh atá freagrach as an gcigireacht ceann amháin nó níos mó de na táscairí a liostaítear in Iarscríbhinn V agus aon fhaisnéis eile atá ar fáil a mheas. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte teicniúla a fhorbairt chun tacú le hobair na n-oifigeach, arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó.

2. Má léiríonn na táscairí nó aon fhaisnéis ábhartha eile dá dtagraítear i mír 1 go ndearnadh gníomhaíochtaí iascaireachta le saothar éignithe, déanfaidh oifigigh an méid seo a leanas:

   (a) aon údarás náisiúnta eile a d'fhéadfadh a bheith inniúil maidir leis an tsaincheist a chur ar an eolas, lena n-áirítear údaráis atá freagrach as cionta saothair; agus

   (b) na bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar bearta forfheidhmiúcháin láithreacha i gcomhréir le hAirteagal 91 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an oiliúint is gá ar oifigigh chun go n-aithneoidh siad gur ann d'úsáid saothair éignithe amhrasta chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh.

4. Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta leordhóthanacha éifeachtacha i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 74(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, chun comhordú agus comhar idirsheirbhíse a áirithiú chun brath agus, i gcás inarb iomchuí, imscrúdú

breise ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar le saothar éignithe a éascú, nuair atá soithí iascaireachta i gcalafort freisin.

## ROINN 3

## CIGIREACHTAÍ I gCALAFOIRT NÓ IN ÁITEANNA INA dTUGTAR GABHÁLACHA I dTÍR

*Airteagal 21*

**Ullmhú cigireachtaí**

1. Gan dochar do na tagarmharcanna arna mbunú faoi rialacha an Chomhbheartais Iascaigh, lena n-áirítear cláir shonracha um rialú agus cigireacht agus amhail dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle, déanfar cigireacht ar shoitheach iascaireachta i gcalafort nó ar theacht i dtír dó, sna cásanna seo a leanas:

   (a) go tráthrialta nó ar bhonn bainistiú riosca; nó

   (b) i gcás ina bhfuil amhras ina leith gur mhainnigh sé rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a chomhlíonadh.

2. I gcásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), agus gan dochar don abairt dheireanach d'Airteagal 22(2) den Rialachán seo, áiritheoidh údaráis inniúla na mBallstát go mbuailfidh a n-oifigigh leis an soitheach iascaireachta a ndéanfar cigireacht air sa chalafort nuair a thiocfaidh sé isteach.

3. Ní chuirfidh mír 1 cosc ar na Ballstáit cigireachtaí randamacha a dhéanamh, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 22*

**Cigireachtaí i gcalafoirt agus in áiteanna ina dtugtar gabhálacha i dtír**

1. Agus cigireachtaí á ndéanamh ag oifigigh, fíoróidh agus nótálfaidh siad na hítimí iomchuí uile a liostaítear sa mhodúl comhfhreagrach den tuarascáil chigireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx] ón gCoimisiún. Tabharfaidh oifigigh aird chuí ar aon cheanglas sonrach a bhfuil feidhm aige maidir leis an soitheach iascaireachta a bhfuil cigireacht á déanamh air, lena n-áirítear forálacha ábhartha i bpleananna ilbhliantúla.

2. Agus cigireacht á déanamh ar thabhairt i dtír gabhálacha, déanfaidh oifigigh faireachán ar dhíluchtú iomlán táirgí iascaigh ó thús go deireadh. Déanfar cros-seiceáil idir na cainníochtaí de réir speicis arna dtaifeadadh sa réamhfhógra, na cainníochtaí de réir speicis arna dtaifeadadh sa logleabhar iascaireachta agus na cainníochtaí de réir speicis arna dtabhairt i dtír nó arna dtrasloingsiú, cibé acu is infheidhme. Ní chuirfidh an fhoráil seo cosc ar chigireacht a dhéanamh nuair a chuirtear tús leis na gabhálacha a thabhairt i dtír.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh bac ar chigireachtaí i gcalafoirt agus ag áiteanna ina dtugtar gabhálacha i dtír laistigh dá gcríoch.

## ROINN 4

## CIGIREACHTAÍ IOMPAIR

*Airteagal 23*

**Prionsabail ghinearálta**

1. Féadfar cigireachtaí iompair a dhéanamh áit ar bith agus tráth ar bith ón bpointe tabhairt i dtír go dtí teacht na dtáirgí iascaigh ag an áit ina ndíolfar nó ina bpróiseálfar iad. Agus cigireachtaí á ndéanamh, déanfar na bearta is gá ionas go n-áiritheofar go gcoinneofar ar bun slabhra fuar na dtáirgí iascaigh a ndéantar cigireacht orthu.

2. Gan dochar d'fhorálacha sonracha atá i bpleananna ilbhliantúla, i gcláir náisiúnta um rialú, i gcláir shonracha um rialú agus cigireacht, nó i ndlí bia an Aontais, áireofar sna cigireachtaí iompair, nuair is féidir, scrúdú fisiciúil ar na táirgí a iompraítear.

3. Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an scrúdú fisiciúil ar na táirgí iascaigh a iompraítear sampla a thógáil ar sampla ionadaíoch é de chodanna éagsúla den luchtóg nó de na luchtóga arna n-iompar.

4. Agus cigireacht iompair á déanamh ag oifigigh, fíoróidh agus nótálfaidh siad na hítimí uile dá dtagraítear in Airteagal 68(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus na hítimí iomchuí uile a liostaítear sa mhodúl comhfhreagrach den tuarascáil chigireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx] ón gCoimisiún. Mar chuid de sin, fíorófar go gcomhfhreagraíonn cainníochtaí na dtáirgí iascaigh a iompraítear do na mionsonraí a iontráiltear sa doiciméad iompair, agus gur féidir inrianaitheacht na luchtóg a áirithiú.

*Airteagal 24*

**Feithiclí iompair séalaithe**

1. Nuair a bheidh feithicil nó coimeádán séalaithe ag oifigigh ionas nach ndéanfar an lasta a ionramháil, áiritheoidh údaráis inniúla na mBallstát go mbeidh sraithuimhreacha na séalaí nótáilte ar an doiciméad iompair. Beidh toirmeasc ar oibreoirí séalaí a bhaint le linn iompair nó ag an gceann scríbe deiridh gan chead ó oifigeach de chuid an údaráis inniúil. Le linn cigireachtaí, déanfaidh oifigigh iniúchadh chun seiceáil go bhfuil na séalaí slán agus go bhfuil na sraithuimhreacha ag comhfhreagairt do na sonraí ar an doiciméad iompair.

2. I gcás ina mbaintear séalaí chun cigireacht ar an lasta a éascú sula sroicheann an lasta an ceann scríbe deireanach, déanfaidh oifigigh séala nua a chur in ionad an tséala bunaidh, agus taifeadfaidh siad mionsonraí an tséala sa tuarascáil chigireachta, mar aon leis na cúiseanna ar baineadh an séala bunaidh.

## ROINN 5

## CIGIREACHTAÍ AR MHARGAÍOCHT AGUS AR ÁITRIBH

*Airteagal 25*

**Prionsabail ghinearálta**

Déanfaidh oifigigh na hítimí iomchuí uile a liostaítear sa mhodúl comhfhreagrach den tuarascáil chigireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx] ón gCoimisiún a fhíorú agus a nótáil agus iad ag tabhairt cuairt ar fhuarstórais, ar mhargaí olldíola agus miondíola, ar bhialanna nó ar aon áitreabh eile ina stóráiltear agus/nó ina ndíoltar táirgí iascaigh tar éis iad a bheith tugtha i dtír nó ina láimhseáiltear táirgí dobharshaothraithe tar éis a mbuainte.

*Airteagal 26*

**Modheolaíochtaí agus teicneolaíochtaí breise a úsáidtear chun cigireacht a dhéanamh**

I dteannta na n-ítimí a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx] ón gCoimisiún, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na modheolaíochtaí agus na teicneolaíochtaí atá ar fáil, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, córas intleachta saorga mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2024/1689[2], chun táirgí iascaigh nó dobharshaothraithe, a bhfoinse nó a dtionscnamh agus na soláthróirí agus na soithí gabhála nó na haonaid táirgthe a shainaithint, agus chun na sonraí ábhartha a bhailíochtú.

## ROINN 6

## CIGIREACHTAÍ EILE

*Airteagal 27*

**Cigireacht ar threalamh iascaireachta ar muir**

Fíoróidh agus nótálfaidh oifigigh na hítimí iomchuí uile a liostaítear sa mhodúl comhfhreagrach den tuarascáil chigireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx] ón gCoimisiún nuair a dhéantar cigireacht ar threalamh iascaireachta ar muir.

*Airteagal 28*

**Cigireacht ar oibreoir atá ag iascaireacht gan soitheach**

Fíoróidh agus nótálfaidh oifigigh na hítimí iomchuí uile a liostaítear sa mhodúl comhfhreagrach den tuarascáil chigireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx] ón gCoimisiún nuair a dhéantar cigireacht ar

---

2 Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

oibreoir atá ag iascaireacht gan soitheach dá dtagraítear in Airteagal 54d de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

*Airteagal 29*

**Cigireacht ar fheirmeacha tuinníní gorma**

Fíoróidh agus nótálfaidh oifigigh na hítimí iomchuí uile a liostaítear sa mhodúl comhfhreagrach den tuarascáil chigireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx] ón gCoimisiún nuair a dhéantar cigireacht ar fheirm tuinníní gorma.

*Airteagal 30*

**Cigireacht ar iascach áineasa**

1. Gan dochar don oibleagáid atá ar oifigigh cigireacht a dhéanamh ar iascach áineasa eile faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, nuair a dhéantar cigireacht ar iascach áineasa a chumhdaítear le hAirteagal 55(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, fíoróidh agus nótálfaidh oifigigh na hítimí iomchuí uile a liostaítear sa mhodúl comhfhreagrach den tuarascáil chigireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2025/xxxx] ón gCoimisiún.

2. Daoine nádúrtha a ndéantar cigireacht orthu faoin Airteagal seo, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

   (a) éascóidh siad an chigireacht tríd an bhfaisnéis agus na doiciméid is gá a sholáthar d'oifigigh, arna iarraidh sin dóibh, lena n-áirítear, i gcás inar féidir, cóipeanna díobh sin, agus trí rochtain a thabhairt dóibh ar bhunachair sonraí ábhartha, maidir lena ngníomhaíochtaí; agus

   (b) ní chuirfidh siad bac ar oifigigh a dhéanann an chigireacht, ní chuirfidh siad imeagla orthu ná ní chuirfidh siad isteach orthu, agus cuirfidh siad cosc ar thríú páirtithe bac a chur ar na hoifigigh sin, imeagla a chur orthu nó cur isteach orthu.

## ROINN 7

## DUALGAIS OIBREOIRÍ AGUS MÁISTRÍ A BHAINEANN LE CIGIREACHTAÍ

*Airteagal 31*

**Oibleagáidí ginearálta oibreoirí**

Sa bhreis ar dhualgais an oibreora dá bhforáiltear in Airteagal 75(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, déanfaidh na hoibreoirí uile atá faoi réir cigireachta an méid seo a leanas:

   (a) déanfaidh siad an fhaisnéis agus na doiciméid is gá a éascú agus a sholáthar d'oifigigh, arna iarraidh sin dóibh, lena n-áirítear, i gcás inar féidir, cóipeanna díobh sin, nó rochtain a thabhairt dóibh ar bhunachair sonraí ábhartha, maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta ar gá iad a chomhlánú agus a choimeád i bhformáid leictreonach nó, i gcás inarb infheidhme, i bhformáid páipéir i gcomhréir le rialacha an Chomhbheartais Iascaigh;

   (b) cuirfidh siad cosc ar thríú páirtithe bac a chur ar oifigigh a dhéanann an chigireacht, imeagla a chur orthu nó cur isteach orthu; agus

(c) cuirfidh siad saoráid chruinnithe ar leithligh ar fáil, i gcás inar féidir, le haghaidh cruinniú faisnéise arna thionól ag breathnóir rialaithe le haghaidh oifigeach amhail dá dtagraítear in Airteagal 12(2) den Rialachán seo.

*Airteagal 32*

**Dualgais na n-oibreoirí atá freagrach as an meá le linn cigireachtaí**

1. Le linn cigireachtaí meáite, soláthróidh oibreoirí dá dtagraítear in Airteagal 60(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 an méid seo a leanas d'oifigigh:

(a) mionsonraí maidir leis an gcóras meáite, lena n-áirítear, de réir mar is infheidhme, a chineál, a shamhail, a shraithuimhir, an deimhniú calabrúcháin is déanaí (le dáta éaga) a ghabhann leis, aon uimhir shéala, faisnéis stóráilte ó uirlisí a úsáidtear chun meáchan carnach a ríomh, agus cóip de scéimléaráid an tsreangaithe theicniúil;

(b) rochtain ar aon fhístaifeadadh den mheá atá ar fáil chun críoch rialaithe;

(c) rochtain ar gach áitreabh ina ndéantar táirgí iascaigh a shampláil, a shórtáil, a stóráil, a phróiseáil, a dhíol agus a iompar; agus

(d) cruthúnas ar chreidiúnú mar mheádóir neamhspleách tríú páirtí, i gcás inarb infheidhme.

2. Soláthróidh oibreoirí d'oifigigh na sonraí samplála agus an fhaisnéis is gá chun rialú a dhéanamh, arna iarraidh sin d'oifigigh, ar sonraí agus faisnéis iad arna mbailiú faoi phlean samplála, faoi phlean rialaithe, nó faoi chlár coiteann um rialú arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 60(10) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, lena n-áirítear taifid ar an meá, sonraí samplála, lipéid, agus aon fhaisnéis ábhartha eile.

*Airteagal 33*

**Oibleagáidí ginearálta máistrí**

1. Sa bhreis ar dhualgais an mháistir dá bhforáiltear in Airteagal 75(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, déanfaidh máistir soithigh iascaireachta a bhfuil cigireacht á déanamh air an méid seo a leanas:

(a) bordáil oifigeach a bheidh sábháilte agus éifeachtach a chumasú i gcomhréir le dea-mhairnéalacht nuair a thabharfar an comhartha iomchuí ón gCód Idirnáisiúnta Comharthaí nó nuair a bhunaítear go bhfuil sé de rún acu bordáil trí chumarsáid raidió ó shoitheach nó héileacaptar a bhfuil oifigeach á iompar aige;

(b) dréimire bordála a sholáthar, a chomhlíonann ceanglais Iarscríbhinn IV i dtaca le rochtain shábháilte agus áisiúil a éascú ar aon soitheach ar gá 1,5 méadar nó níos mó a dhreapadh chun é a bhordáil;

(c) cead a thabhairt don oifigeach nó na hoifigigh cumarsáid a dhéanamh le húdaráis an Stáit brataí, an Stáit cósta agus an Stáit cigireachta;

(d) oifigigh a chur ar a n-airdeall maidir le guaiseacha sábháilteachta ar bord soithigh iascaireachta; agus

(e) díbhordáil shábháilte oifigeach a éascú ar thabhairt i gcrích na cigireachta.

2. Ní bheidh sé de cheangal ar mháistrí faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a nochtadh thar chainéil raidió oscailte.

## TEIDEAL IV

## FORFHEIDHMIÚ

# CAIBIDIL I

# An ceadúnas iascaireachta agus an ceart a bheith i gceannas a chur ar fionraí agus a tharraingt siar go buan

*Airteagal 34*

### Obair leantach tar éis ceadúnas iascaireachta a chur ar fionraí agus a tharraingt siar go buan

1. Má dhéantar ceadúnas iascaireachta a chur ar fionraí nó a tharraingt siar go buan i gcomhréir le hAirteagal 92(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit brataí fógra foirmiúil do shealbhóir an cheadúnais iascaireachta láithreach faoin bhfionraí sin nó faoin tarraingt siar bhuan sin.

2. Ar an bhfógra dá dtagraítear i mír 1 a fháil do shealbhóir an cheadúnais iascaireachta, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh sé go gcuirfear deireadh láithreach le gníomhaíocht iascaireachta an tsoithigh gabhála lena mbaineann;

(b) soláthróidh sé na doiciméid uile a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta d'údaráis inniúla an Bhallstáit brataí;

(c) áiritheoidh sé go rachaidh an soitheach gabhála lena mbaineann ar aghaidh láithreach chuig a chalafort baile, nó chuig calafort arna shonrú ag údaráis inniúla an Bhallstáit brataí. Le linn an turais, beidh an trealamh iascaireachta fáiscthe síos agus stuáilte i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(d) áiritheoidh sé go ndéileálfar le haon ghabháil atá ar bord an tsoithigh gabhála i gcomhréir le treoracha údaráis inniúla an Bhallstáit brataí.

*Airteagal 35*

### Obair leantach ar an gceart a bheith i gceannas ar shoitheach iascaireachta i gcáil máistir a chur ar fionraí agus a tharraingt siar go buan

1. I gcás ina ndéanfar an ceart a bheith i gceannas ar shoitheach iascaireachta mar mháistir a chur ar fionraí nó a tharraingt siar go buan i gcomhréir le hAirteagal 92(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát brataí an tsoithigh ar a bhfuil an máistir ag oibriú an méid seo a leanas:

(a) ordóidh siad go ndéanfar ceart an mháistir a bheith i gceannas ar shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais a chur ar fionraí nó a tharraingt siar agus déanfaidh siad na nósanna imeachta riaracháin is gá chun éifeacht a thabhairt don chinneadh sin; agus

(b) tabharfaidh siad fógra foirmiúil do mháistir agus d'údaráis inniúla Bhallstát náisiúntachta an mháistir faoin bhfionraí nó faoin tarraingt siar.

2. Tar éis don mháistir an fógra dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), a fháil, scoirfidh sé láithreach de bheith i gceannas ar aon soitheach iascaireachta de chuid an Aontais, ar choinníoll nach gcuirfidh an ghníomhaíocht sin an tsábháilteacht loingseoireachta i mbaol, agus comhlíonfaidh sé treoracha údaráis inniúla an Bhallstáit brataí. Mura bhfuil aon bhall den chriú ar bord údaraithe chun teacht in ionad an mháistir, tabharfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit brataí treoir don mháistir dul láithreach chuig calafort iomchuí nó na gníomhaíochtaí iascaireachta uile a chur ar fionraí go dtí go mbeidh máistir údaraithe nua ar bord.

*Airteagal 36*

**Dálaí ar leor iad mar údar le pointí a chealú**

1. Gan dochar d'Airteagal 92(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus ar choinníoll gur mó ná dhá phointe an líon iomlán pointí a shanntar do shealbhóir an cheadúnais iascaireachta le haghaidh an tsoithigh gabhála atá i gceist, féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit brataí suas le dhá phointe a scriosadh má ghlacann sealbhóir an cheadúnais iascaireachta, tar éis na pointí a bheith sannta, páirt go deonach sna nithe seo a leanas:

(a) i bhfeachtas eolaíoch arb é is aidhm dó feabhas a chur ar roghnaíocht trealaimh iascaireachta chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh maidir le rialú iascaigh a fheabhsú; nó

(b) in iascach a chumhdaítear le scéim éicilipéadaithe a bunaíodh i gcomhréir le prionsabail agus critéir íosta Éicilipéid AE a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 66/2010, ar choinníoll go ndeimhnítear léi agus go gcuirtear chun cinn léi táirgí ó iascaigh gabhála mara dhea-bhainistithe, agus béim á leagan ar úsáid inbhuanaithe acmhainní iascaigh, d'fhonn comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh maidir le rialú iascaigh a fheabhsú.

2. Má scriosadh na pointí i gcomhréir le mír 1, cuirfear sealbhóir an cheadúnais iascaireachta ar an eolas faoin scriosadh sin. Cuirfear sealbhóir an cheadúnais iascaireachta ar an eolas freisin faoin líon pointí atá fágtha.

# CAIBIDIL II

# Máistrí a chlárú

*Airteagal 37*

**Pointí arna sannadh do mháistrí a thaifeadadh**

1. Déanfaidh na Ballstáit, ag gníomhú dóibh mar Bhallstáit bhrataí nó mar Bhallstáit náisiúntachta, clár cothrom le dáta de mháistrí dár sannadh pointí as sáruithe tromchúiseacha a bhunú agus a choinneáil ar bun, i gcomhréir le hAirteagal 92(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Áireofar sa chlár an fhaisnéis íosta a shonraítear in Iarscríbhinn VI.

2. I gcás ina sannfaidh an Ballstát brataí pointí faoi Airteagal 92(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 do mháistir soithigh iascaireachta nach náisiúnach é den Bhallstát

brataí a shannann na pointí faoi Airteagal 92(4), déanfaidh an Ballstát brataí an méid seo a leanas:

(a) i gcás náisiúnaigh de Bhallstáit eile:

(i) tabharfaidh sé fógra d'údaráis inniúla na mBallstát ar náisiúnach díobh an máistir faoi na pointí a sannadh don mháistir, i gcomhréir le hAirteagal 92(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009; agus

(ii) iarrfaidh sé faisnéis ar údaráis inniúla na mBallstát náisiúntachta maidir leis an líon iomlán pointí, más ann dóibh, atá cláraithe don mháistir sin faoi láthair. Déanfar an fhaisnéis sin a thaifeadadh i gclár na máistrí dá dtagraítear i mír 1 chun a chinneadh an gá an ceart a bheith i gceannas a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 92(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(b) i gcás náisiúnaigh tríú tír:

(i) tarchuirfidh sé gach faisnéis ábhartha faoin máistir chuig an gCoimisiún, mar a cheanglaítear le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo; agus

(ii) iarrfaidh sé ar an gCoimisiún aon fhaisnéis bhreise maidir le pointí a shann Ballstáit eile don mháistir céanna le 3 bliana anuas. Déanfar an fhaisnéis sin a thaifeadadh i gclár na máistrí dá dtagraítear i mír 1 freisin chun a mheas an gá an ceart a bheith i gceannas a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 92(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

3. I gcás inar scriosadh pointí i gcomhréir le hAirteagal 36(1) den Rialachán seo nó le hAirteagal 92(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, tabharfaidh an Ballstát atá freagrach as na pointí a scriosadh fógra do Bhallstát nó do Bhallstáit náisiúntachta an mháistir nó, i gcás náisiúnaigh tríú tír, don Choimisiún, rud a chuirfidh ar a chumas don Bhallstát nó ar a gcumas do na Ballstáit lena mbaineann an clár a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

4. Stórálfaidh an Coimisiún an fhaisnéis uile faoi phointí arna sannadh ag na Ballstáit do náisiúnaigh tríú tír nó arna scriosadh acu ina leith, mar a chuirtear in iúl faoi mhír 2(b) agus faoi mhír 3 faoi seach, agus cuirfidh sé ar fáil í do na Ballstáit lena mbaineann arna iarraidh sin dóibh.

5. Coinneofar sonraí arna dtaifeadadh faoin Airteagal seo go ceann 3 bliana ar a laghad, mura sonraítear a mhalairt i rialacha an Chomhbheartais Iascaigh nó i gcás ina meastar gur gá iad a choinneáil chun críoch cigireachtaí, fíoruithe, iniúchtaí nó imscrúduithe, lena n-áirítear na sonraí sin a bhaineann le gearáin, le sáruithe nó le himeachtaí breithiúnacha nó riaracháin.

# TEIDEAL V

# BEARTA CHUN COMHLÍONADH A ÁIRITHIÚ

*Airteagal 38*

**Sprioc-am agus ceanglais a bhaineann le freagra na mBallstát ar thorthaí an Choimisiúin maidir le hasbhaint cuótaí toisc nár chomhlíon siad cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh**

1. An spriocdháta faoinar féidir leis an mBallstát a léiriú gur féidir na hiascaigh a shaothrú go sábháilte, dá dtagraítear in Airteagal 107(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, tosóidh sé ón dáta a gheobhaidh an Ballstát an litir ón gCoimisiún.

2. Cuimseoidh na Ballstáit, ina bhfreagra de bhun Airteagal 107(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, fianaise ábhartha lenar féidir a léiriú don Choimisiún gur féidir an t-iascach a shaothrú go sábháilte.

*Airteagal 39*

**Cinneadh na gcainníochtaí a bheidh le hasbhaint**

1. Aon chinneadh maidir leis na cainníochtaí a bheidh le hasbhaint ó chuótaí i gcomhréir le hAirteagal 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, beidh sé comhréireach le méid agus cineál neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le stoic atá faoi réir pleananna ilbhliantúla agus le tromchúis na bagartha do chaomhnú na stoc sin. Cuirfear san áireamh leis an damáiste a dhéanfar do na stoic sin mar gheall ar neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le stoic atá faoi réir pleananna ilbhliantúla.

2. Más rud é nach féidir na cainníochtaí a chinntear le haghaidh asbhaint de réir mhír 1 a oibriú ar an gcuóta, ar an leithdháileadh nó ar an sciar stoic nó grúpa stoc dá dtagraíonn an neamhchomhlíonadh toisc nach bhfuil cuóta, leithdháileadh nó sciar stoic nó grúpa stoc atá i gceist ar fáil nó ar fáil go leordhóthanach don Bhallstát lena mbaineann, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, cuótaí a asbhaint, sa bhliain nó sna blianta dár gcionn, maidir le stoic nó grúpaí stoc eile atá ar fáil don Bhallstát sin sa limistéar geografach céanna, nó a bhfuil an luach tráchtála céanna acu i gcomhréir le mír 1.

# TEIDEAL VI

# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 40*

**Sonraí pearsanta a chosaint agus a phróiseáil**

Áiritheoidh na Ballstáit nach féidir sonraí pearsanta a bhailítear faoin Rialachán seo a phróiseáil ach amháin i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 112 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

*Airteagal 41*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 10 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27.8.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*